



**Dréachtrún ón Rúnaíocht Stáit um Theileachumarsáid agus Bonneagar Digiteach lena bhfoilsítear na ceanglais theicniúla nuashonraithe le haghaidh comhéadain raidió rialáilte IR-291 agus IR-292 le haghaidh córais trastíre atá in ann seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar i mbandaí 703–733 MHz agus 758–788 MHz.**

Le hAirteagal 7 den Rialachán lena leagtar síos na ceanglais maidir le trealamh raidió a mhargú, a choimisiúnú agus a úsáid, agus lena rialaítear an nós imeachta um measúnú comhréireachta, faireachas margaidh agus an córas pionóis le haghaidh trealamh teileachumarsáide, arna fhormheas le Foraithe Ríoga 188/2016 an 6 Bealtaine 2016, ina fhoclaíocht mar thoradh ar Fhoraithe Ríoga 424/2005 an 15 Aibreán 2005, bunaítear go bhfoilseoidh an Státrúnaíocht um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise, arb í an Státrúnaíocht um Theileachumarsáid agus Bonneagar Digiteach anois í, in Iris Oifigiúil Stáit na Spáinne, trí bhíthin rialacháin, na comhéadain trealamh raidió a fhéadfar a úsáid sa Spáinn.

Is é is cuspóir don Rialachán seo na ceanglais theicniúla le haghaidh chomhéadain IR-291 agus IR-292 a fhoilsiú, ceanglais a bhaineann le córais atá in ann seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar i mbandaí 703–733 MHz agus 758–788 MHz; tugadh na ceanglais sin cothrom le dáta i gcomhréir leis an Tábla Náisiúnta um Leithdháileadh Minicíochta reatha [Cuadro Nacional de Atribución de Frecuencias – CNAF].

Tá comhlíonadh na gceanglas comhéadain sin éigeantach d'úsáid, sa Spáinn de chórais trastíre atá in ann seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar sna bandaí 703–733 MHz agus 758–788 MHz agus ní hionann é agus díolúine ó na ceanglais eile sa Rialachán thuasluaite, ina leagtar amach an nós imeachta um measúnú comhréireachta le haghaidh trealamh teileachumarsáide.

Féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar na comhéadain sin, i gcomhréir leis an Tábla Náisiúnta um Leithdháileadh Minicíochta atá ann faoi láthair, mar thoradh ar cheanglais náisiúnta nua i ndáil le húsáid éifeachtach an speictrim nó mar thoradh ar chonarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an Spáinn ina páirtí iontu.

Cuireadh an ionstraim seo faoi réir an nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na gcaighdeán teicniúil agus na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise a leagtar síos i dTreoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015.



I gcomhréir leis an méid sin roimhe seo, agus i bhfeidhmiú na hinniúlachta a thugtar don Státrúnaíocht seo um Theileachumarsáid agus Bonneagar Digiteach le hAirteagal 7 den Rialachán thuasluaite, cinntear an méid seo a leanas:

1. Foilseofar na ceanglais maidir le comhéadain rialáilte IR-291 agus IR-292, mar a leagtar amach san larscríbhinn a ghabhann leis an gcinneadh seo.

**IR-291 Córais trastíre a bhfuil ar a gcumas seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar sa bhanda 703-733 MHz**

**IR-292 Córais trastíre a bhfuil ar a gcumas seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar sa bhanda 758-788 MHz**

AN STÁTRÚNAÍ UM THEILEACHUMARSÁID AGUS BONNEAGAR DIGITEACH  
P.S. (Ordú TDF/469/2024 an 9 Bealtaine 2024, Iris Oifigiúil an Stáit 17/05/2024)

AN LEAS-ARDSTIÚRTHÓIR UM PLEANÁIL AGUS BAINISTÍOCHT AN SPEICTRIM RADIO

Sínithe: ANTONIO FERNÁNDEZ-PANIAGUA DÍAZ-FLORES



## IARSCRÍBHINN

Córais trastíre IR-291 a bhfuil ar a gcumas seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar sa bhanda 703–733 MHz:

| AN SPÁINN | Comhéadan Raidió | Córais trastíre atá in ann seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar sa bhanda 703-733 MHz | Tagairt IR- 291 | Dáta Iris Oifigiúil an Stáit |
|-----------|------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------|------------------------------|
|-----------|------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------|------------------------------|

|                  | Uimh. | Paraiméadar                                   | Cur síos                                                                                                  | Barúlacha |
|------------------|-------|-----------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| An roinn rialála | 1     | An tSeirbhís Radachumarsáide                  | Móibíleach, seachas móibíleach aerloingseoireachta                                                        |           |
|                  | 2     | Feidhmiú                                      | MFCN                                                                                                      |           |
|                  | 3     | Banda minicíochta                             | 703–733 MHz                                                                                               |           |
|                  | 4     | Cainéalú                                      | 5 Mhz, 10 Mhz                                                                                             |           |
|                  | 5     | Modhnú / Bandaleithead faoi fhorghabháil      | Suas le 256 QAM                                                                                           |           |
|                  | 6     | Treo/ Scaradh déphléacsach.                   | 55 MHz                                                                                                    |           |
|                  | 7     | Tarchur cumhachta/dlús cumhachta              | Mar a leagtar amach san larscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/687 ón gCoimisiún. |           |
|                  | 8     | Modh rochtana cainéil agus rialacha áitíochta |                                                                                                           |           |
|                  | 9     | Córas údaráithe                               | Ceadúnas a cheanglaítear.                                                                                 |           |
|                  | 10    | Riachtanais fhíor-riachtanacha bhreise        |                                                                                                           |           |
|                  | 11    | Toimhdí pleanála minicíochta                  |                                                                                                           |           |



|                    |    |                      |                                                                                                                                                |  |
|--------------------|----|----------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--|
| Cuid faisnéiseach: | 12 | Leasuithe a éilítear |                                                                                                                                                |  |
|                    | 13 | Tagairtí             | Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE)<br>2016/687 ón gCoimisiún.<br>Tuarascálacha 53 agus 60 CEPT<br>EN 301 908<br>ECC/DEC/(15)01<br>Nóta CNAF NA-153 |  |
|                    | 14 | Fógra a thabhairt    |                                                                                                                                                |  |
|                    | 15 | Barúlacha            | NTFA UN-153, IR Náisiúnta-291                                                                                                                  |  |

Córais trastíre IR-292 a bhfuil ar a gcumas seirbhísí cumarsáide leictreonaí a sholáthar sa bhanda 758–788 MHz:

|              |                     |                                                                                                     |                   |                                    |
|--------------|---------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------|------------------------------------|
| AN<br>SPÁINN | Comhéadan<br>Raidió | Córais trastíre atá in ann seirbhísí<br>cumarsáide leictreonaí a sholáthar<br>sa bhanda 758-788 MHz | Tagairt<br>IR-292 | Dáta Iris<br>Oifigiúil an<br>Stáit |
|--------------|---------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------|------------------------------------|

|                  |       |                                                |                                                                         |           |
|------------------|-------|------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------|-----------|
|                  | Uimh. | Paraiméadar                                    | Cur síos                                                                | Barúlacha |
| An roinn rialála | 1     | An tSeirbhís<br>Radachumarsáide                | Móibíleach, seachas móibíleach<br>aerloingseoireachta                   |           |
|                  | 2     | Feidhmiú                                       | MFCN                                                                    |           |
|                  | 3     | Banda minicíochta                              | 758–788 MHz                                                             |           |
|                  | 4     | Cainéalú                                       | 5 Mhz, 10 MHz                                                           |           |
|                  | 5     | Modhnú /<br>Bandaleithead faoi<br>fhorghabháil | Suas le 256 QAM                                                         |           |
|                  | 6     | Treo/<br>Scaradh<br>déphléacsach.              | 55 MHz                                                                  |           |
|                  | 7     | Tarchur<br>cumhachta/dlús                      | Mar a leagtar amach san larscríbhinn<br>a ghabhann le Cinneadh Cur Chun |           |



|                           |    |                                                      |                                                                                                                                             |  |
|---------------------------|----|------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--|
|                           |    | <b>cumhachta</b>                                     | Feidhme (AE) 2016/687 ón gCoimisiún.                                                                                                        |  |
|                           | 8  | <b>Modh rochtana cainéil agus rialacha áitíochta</b> |                                                                                                                                             |  |
|                           | 9  | <b>Córas údaraithe</b>                               | Ceadúnas a cheanglaítear.                                                                                                                   |  |
|                           | 10 | <b>Riachtanais fhíor-riachtanacha bhreise</b>        |                                                                                                                                             |  |
|                           | 11 | <b>Toimhdí pleanála minicíochta</b>                  |                                                                                                                                             |  |
| <b>Cuid faisnéiseach:</b> | 12 | <b>Leasuithe a éilítear</b>                          |                                                                                                                                             |  |
|                           | 13 | <b>Tagairtí</b>                                      | Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/687 ón gCoimisiún.<br>Tuarascálacha 53 agus 60 CEPT<br>EN 301 908<br>ECC/DEC/(15)01<br>Nóta CNAF NA-153 |  |
|                           | 14 | <b>Fógra a thabhairt</b>                             |                                                                                                                                             |  |
|                           | 15 | <b>Barúlacha</b>                                     | NTFA UN-153, IR-292 Náisiúnta                                                                                                               |  |